AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2024
COM(2024) 468 final

2024/0257 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair maidir le saoire mháithreachais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú, coiste a bunaíodh faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('CCI') a mhéid a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe ar na rialacha maidir le saoire mháithreachais is infheidhme maidir le baill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1 An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019, rinne Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia (dá ngairtear Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa anseo feasta) CCI a dhaingniú. Is páirtí é an tAontas Eorpach in CCI, tar éis Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1]. Tháinig CCI i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

2.2 An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 CCI chun bheith freagrach as CCI a riar agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é mar is cuí. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear in CCI. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir le CCI,

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé gníomhaíocht iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann le CCI a athbhreithniú,

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(i) glacann sé buiséad bliantúil CCI,

---

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[1] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, maidir le cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus maidir le cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta ó thaobh rochtain a fháil ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh le CCI, nó a bunaíodh faoi CCI,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta, maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh; agus

(n) i ndáil le gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i gcomhair thrasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin thar ceann gach Páirtí Chonarthaigh, sin atá ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir. Is d'aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

2.3 An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

Baineann an dréachtchinneadh ón gComhairle le glacadh cinnidh ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach i dtaca le hathbhreithniú ar na rialacha maidir le saoire mháithreachais do bhaill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

Na rialacha is infheidhme atá ann faoi láthair maidir le saoire mháithreachais do bhaill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, leagtar amach iad in Airteagal 10.4 de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair (arna nglacadh de bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 5 Meitheamh 2019). Áirítear leis an leasú atá beartaithe go háirithe togra chun an líon seachtainí saoire mháithreachais le pá do bhaill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a ardú ó 16 seachtaine go 20 seachtaine.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Thug Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair le fios roimhe seo go bhfuil an líon seachtainí saoire mháithreachais le pá is infheidhme faoi láthair do bhaill foirne ban de chuid Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair i bhfad faoi bhun an lín íosta seachtainí a bhfuil baill foirne ban ina theideal i bPáirtithe Oirdheisceart na hEorpa. Thairis sin, thug Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair le fios gur fadhb iad na rialacha is infheidhme faoi láthair do bhaill foirne a bhfuil leanaí nuabheirthe acu, ós rud é nach bhfuil ach beagán saoráidí cúraim leanaí i mBéalgrád a ghlacann leanaí atá faoi bhun 6 mhí.

Dá bhrí sin is gá don Choiste Stiúrtha Réigiúnach an cinneadh atá beartaithe a ghlacadh ar mhaithe le cur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus ar mhaithe le feidhmiú cuí na Buanrúnaíochta. Ós rud é gur páirtí é an tAontas in CCI, is gá seasamh an Aontais maidir leis an gcinneadh atá beartaithe a leagan síos.

Ar an ábhar sin, ba cheart a mheabhrú gur gné amháin é CCI lena bhféadfaí an comhar réigiúnach a fheabhsú laistigh de na Balcáin Thiar, mar a mhínítear a thuilleadh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú CCI[2].

[2] COM(2017)324 final, fomhír 'An Comhthéacs Ginearálta'.

4. BUNÚS DLÍ

4.1 Bunús dlí nós imeachta

4.1.1 Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Ina theannta sin cuimsítear leis ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

4.1.2 Feidhm maidir leis an gcás seo

Comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá CCI, is ea an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh, tá sé ina ghníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. I gcomhréir le hAirteagal 30 de CCI, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buanrúnaíochta a leagan síos, go háirithe maidir le hearcú, dálaí oibre agus cothromaíocht gheografach fhoireann na Rúnaíochta. Thairis sin, faoi Airteagal 24(1) de CCI, cuirtear de chúram ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Conradh a riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú.

De thoradh a gcineáil, agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá eilimintí sna rialacha atá beartaithe a dhéanann difear do sheasamh dlíthiúil na bpáirtithe sa Chonradh um an gComhphobal Iompair agus, dá bhrí sin, do sheasamh dlíthiúil an Aontais freisin. Dá bharr sin, ní mór a mheas gur rialacha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu.

Ní dhéantar creat institiúideach CCI a fhorlíonadh ná a leasú leis an ngníomh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

4.2 Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin ar an mbunús dlí nach foláir a bheith leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

An gníomh atá beartaithe, tá sé riachtanach chun go bhfeidhmeoidh CCI mar is cuí. Dá réir sin, le CCI, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus freisin i réimse an iompair de mhuir, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus tá comhpháirteanna CCI ann ar leis na réimsí sin a bhaineann siad. Ós gníomh cothrománach é, baineann an gníomh atá beartaithe leis na nithe sin uile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE.

4.3 Conclúid

Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le Airteagal 218(9) CFAE, sin iad ba cheart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2024/0257 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair maidir le saoire mháithreachais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('CCI') i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[4].

(2) Formheasadh CCI thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019[5] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le CCI chun CCI a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(4) De bhun Airteagal 30 de CCI, tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach inniúil ar chinntí a ghlacadh maidir le rialacha mionsonraithe na Buanrúnaíochta, go háirithe maidir le hearcú, dálaí oibre agus cothromaíocht gheografach fhoireann na Rúnaíochta.

(5) Tá sé beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach cinneadh a ghlacadh maidir le leasú ar Iarscríbhinn II, 'Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair', a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 uaidh, a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le saoire mháithreachais do bhaill foirne Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú i ndáil leis an gcinneadh thuasluaite a ghlacadh, ós rud é go bhfuil an méid sin riachtanach do dhea-fheidhmiú na Buanrúnaíochta.

[4] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha sin (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[5] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II, ‘Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair’, a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 uaidh, i ndáil le rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair maidir le saoire mháithreachais, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú do mhionathruithe ar an dréachtchinneadh gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán